Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh

North Tipperary County Council

Plean Corparáide

2010 – 2014

‘ag obair leis an bpobal’

‘working with the community’

Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh,

Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, An t-Aonach,

Contae Thiobraid Árann.

Fón: 067 44500 Macasamhail: 067 33134

Gréasán: www.tipperarynorth.ie

r-post: AnRunai@northtippcoco.ie

North Tipperary County Council,

Civic Offices, Limerick Road, Nenagh, Co. Tipperary.

Telephone: 067 44500 Fax: 067 33134

Web Address: www.tipperarynorth.ie

e-mail: secretary@northtippcoco.ie

Brollach **3**

Aithne a chur ar an gContae **5**

Ár Sain-Údarás **9**

Ár Misean **11**

Ár mBun Luacha **12**

Ár dTimpeallacht Oibrithe **14**

Seirbhísí Iompair agus Bóithre **21**

Seirbhísí Uisce **23**

Seirbhísí Comhshaoil **25**

Seirbhísí Éigeandála **27**

Cosaint Sibhialta **28**

Seirbhísí Tithíochta **30**

Pleanáil agus Forbairt **33**

Pobal agus Fiontar **35**

Cúram Leanaí **37**

Seirbhísí Ealaíona **39**

Seirbhísí Leabharlanna **40**

Daonlathas Áitiúil **43**

Bainistíocht Acmhainní Daonna **44**

Tacaíocht Corparáideach **46**

Páirtíocht san Ionad Oibre **49**

Bainistíocht Airgeadais **50**

Cáin Ghluaisteán **52**

Córais Faisnéise **53**

Na Gníomhaíochtaí Príomha **54**

Brollach

Ghlac Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh lena céad Phlean Corparáideach ar Aibreán a 2, 2001. Tógadh an plean seo suas chun dáta i Mí na Nollag, 2004 chun an tréimhse idir 2005 – 2009 a chlúdach. Sholáthar an Plean fráma oibre don eagraíocht misean aontaithe, aidhmeanna agus spriocanna i leith a h-il-iomad feidhmeanna agus gníomhaíochta. Tar éis a ghlactha, tá tuairiscí dé-bhliantúla tar éis a bheith tugtha don Chomhairle ag imlíniú mar ar éirigh leis ins na straitéisí éagsúla agus ag moladh athraithe do bheith déanta do straitéisí airithe mar is gá.

Tógann an Plean nua seo ar an dá phlean roimhe seo agus tá sé bunaithe ar na riachtanais ma ráta leagtha síos in Acht an Rialtais Áitiúil 2001 agus ins na Treoirlínte seola ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar an 31ú Deireadh Fómhair, 2009, Ghlac an Chomhairle leis an bPlean ag a cruinniú ar…….

Tar éis na dToghchán Áitiúil i Meitheamh 2009, déanadh athbhreithniú ar na pleananna a bhí ann i dtreo is go gcuirfí pleananna nua isteach do shaolré na Comhairle nua, ag tógáil ceann de chúrsaí geilleagair mar atá agus ar na h-athraithe atá tarlaithe ó glacadh leis na pleananna cheana. Dhéan ár bhfoireann dréachtú ar na Pleananna nua agus tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle lorgaíomar aighneachtaí ónár gcustaiméirí, ó bhaill ár gComhairlí agus ónár gCoistí Polasaí Straitéiseach, ó Bhord Forbartha an Chontae agus ónár gCoiste Páirtíochta san Láthair Oibre. Ghlac an Chomhairle leis an bPlean, ina dhiaidh sin ag a cruinniú a bhí ar siúl ar…….

Sé an fáth go bhfuil an Plean Corparáideach seo á ullmhú agus á fhoilsiú ná chun cabhrú leis an eagraíocht in athbhreithniú a dhéanamh ar a gníomhaíochta, a h-aidhmeanna, ar na nithe príomha agus a h-acmhainní i dtreo is go bhféadfadh sí í féin a h-ullmhú dos na dúshláin a bheidh roimpi. Tá ár bPlean Gnímh d'ár gCustaiméirí á thógáil suas chun dáta, chomh maith, agus léiríodh sé sin na caighdeáin seirbhísí a bheidh ar fáil d'ár gcustaiméirí mar aon le straitéis chun é a chur i bhfeidhm.

Tá an Plean mar bhonn d'fhorbairtí uile laistigh den eagraíocht don gcéad cúig bhliain eile agus cuirfear i bhfeidhm é trí na Pleananna Gnímh Bliantúil. Tá sé i gceist go leanfaí leis na Tuairisc Chur i bhfeidhm Dé-Bhliantúil don Chomhairle gach bliain ag imlíniú an dul chun cinn i leith na straitéisí éagsúla. Beidh na tuairiscí seo foilsithe ar ár ngréasán ag **www.tipperarynorth.ie**. Beidh cur i bhfeidhm aidhmeanna an Phlean ag braith ar acmhainní a bheith ar fáil idir fhoireann agus airgead.

Déanaimid iarracht leanúnach feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraímid don bpobal agus d' fháilteoimis roimh aon tuairim nó ráiteas ónar gcustaiméirí gur féidir a sheoladh chugainn via e-phost do countysecretary@northtippcoco.ie nó i scríbhinn chuig an Roinn Tacaíochta Corparáideach, Comhairle Chontae Thiobraid Árann, Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, An t-Aonach.

Terry Ó Niadh
Bainisteoir an Chontae
Feabhra 2010

Aithne a chur ar an gContae

Cúlra

Tá bunús an dá Roinn de Thiobraid Arann Thuaidh agus Theas ag dul siar go dtí 1838, nuair a roinneadh an contae, ar chúiseanna difriúla, mar pobal agus an méid geografach, ina dhá chuid. Tar éis cur i bhfeidhm an Acht um Rialtas Áitiúil 1898, bunaíodh Tiobraid Árann (an Roinn Thuaidh) mar an t-aonad príomha Rialtas Áitiúil i dTiobraid Árann Thuaidh.

Le cur i bhfeidhm an Acht um Rialtas Áitiúil 2001 d'athraigh ainm na Comhairle go dtí Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh.

Tá Ceanncheathrú an Chontae bunaithe ins na Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, an t-Aonach a oscail a dhoras don bpobal ar an 18ú Deireadh Fómhair 2004. Soláthraíonn an áis seo seirbhís siopadóireachta il-fheidhme don bpobal le h-oifigí an Chomhairle Chontae, Comhairle Bhaile an Aonaigh, Coiste Cúram Leanaí an Chontae, agus Feidhmeannacht Seirbhís Sláinte ar an suíomh.

Ina theannta san tá ceithre cinn de Oifigí Ceantair i mBuiríos Uí Chéin, i dTúrlas Eile, i Ros Cré agus i bPort Nua. Tá Oifig Chánach na nGluaisteán, d'ár gcuid, lonnaithe i Sráid Kickham, an t-Aonach.

Tá ball is fiche ar Chomhairle Chontae Thiobraid Thuaidh ag déanamh ionadaíochta do na ceithre cinn de thoghcheantair an Aonaigh, an Phoirt Nua, Dúrlas Eile agus an Teampaill Mhóir. Toghtar na baill faoin

gcóras ionadaíocht chionmhair gach cúig bhliain, agus bhí na cinn is déanaí ar siúl i 2009. Feidhmíonn na h-ionadaithe seo ar fheidhmeanna áirithinte a bhaineann go príomha ar chinnidh faoi pholasaí agus faoi phrionsabail.

Cuireann Bainisteoir an Chontae, le cabhair na Foirne Bainistíochta agus a foireann siúd, na feidhmeanna eile uile, go nglaoitear feidhmeanna feidhmiúcháin orthu, i gcrích. Tá na sonraí faoi raon na bhfeidhmeanna san ar fáil ag deireadh an Phlean seo.

Coistí Polasaí Straitéisigh

Bunaíodh ceithre cinn de Choistí um Pholasaí Straitéiseach (CPS) ag an Chomhairle i 2000. Tá Comhairleoirí tofa agus ionadaithe earnála (nó neamh-thofa) ar gach CPS. Tá a Chathaoirleach féin (a chaithfidh bheith mar bhall na Comhairle agus atá ceaptha ag an Chomhairle) ag gach CPS go bhfuil taca aige ó Stiúrthóir Seirbhísí (oifigeach lán-aimsire na Comhairle) agus óna f(h)oireann siúd. Buaileann na CPS le chéile ar bhonn rialta, ag braith ar an méid oibre a sanntar dóibh.

Sé an ról ata ag na CPS ná chun polasaithe a bhaineann lena réimse freagrachta a chruthú, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Mar sin féin, coimeádann an Chomhairle a feidhm mar an t-údarás chun teacht ar chinnidh agus is aice atá an focal deiridh ar gach a bhaineann le polasaí. Sé gnó na CPS comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh ar ghnéithe polasaí trí Chathaoirleach an CPS chuig an Chomhairle ar fad. Tugtar tuairisc faoi chruinnithe CPS don Chomhairle iomlán ag cruinnithe míosúla na Comhairle Contae.

Ba cheart a thabhairt faoi ndeara, cé go bhfuil ról polasaí a chruthú lárnach do gach CPS, nach bhfuil aon ról acu i leith obair na comhairle ó la go lá, nó faoi aon ghnó eile nach mbaineann le polasaí.

Seo a leanas mar a sheasann na CPS i dTiobraid Árann Thuaidh faoi láthair.

- Seirbhísí Tithíochta;
- Seirbhísí Comhshaoil agus Éigeandála;
- Seirbhísí Pobail, Fiontair agus Pleanáil agus Forbartha;
- Seirbhísí Iompair, Bóithre agus Seirbhísí Uisce;

Grúpa Polasaí Corparáidigh

Sé atá sa Ghrúpa ná an Méara mar Chathaoirleach, mar aon le Cathaoirligh gach ceann de na CPS agus tacaíocht á fáil ón mBainisteoir Chontae agus ó Fhoireann Bhainistíochta an Chontae. Ceanglaíonn an GPC obair na CPS difriúla agus é mar shórt caibinéad ag soláthar fóraim inar féidir le seasaimh ar pholasaí, a bhaineann leis an Chomhairle ina iomlán, a bheith aontaithe lena n-aighniú don Chomhairle ina iomlán. Déanann sé plé, chomh maith, ar dhréacht-bhuiséid bhliantúla agus ar ullmhúchán an Phlean Chorparáidigh. Ach, mar atá an cás leis na CPS, tá an t-údarás iomlán a bhaineann le teacht ar chinneadh bainteach leis an Chomhairle amháin. Seasann baill an GPC ar son an Chomhairle Chontae ar bhord Forbartha an Chontae. Bailíonn an GPC ar bhonn mhíosúla, de ghnáth, roimh chruinniú an Chomhairle Chontae.

Coistí Ceantair

Mar atá ráite cheana, tá ceithre cinn de thoghcheantair i dTiobraid Árann Thuaidh agus tá coiste ceantair bunaithe i ngach ceantar – agus i ngach coiste tá na Baill ón dtoghcheantar sin mar aon le Méara aon Chomhairle Bhaile laistigh den gceantar sin. Tagann gach coiste le chéile ar bhonn mhíosúla, nó dé-mhíosúla agus faigheann siad cabhair ón mBainisteoir Ceantair (tá freagracht tugtha do gach ceantar do bhaill na foirne). Sí príomh-fheidhm an choiste cheantair plé a dhéanamh ar ghnéithe áitiúla agus moltaí a dhéanamh i dtaobh ghnéithe ceantair don gComhairle iomlán. Aighnítear na tuairiscí ó chruinnithe an choiste cheantair don gcéad chruinniú eile Comhairle le h-aghaidh a nótála.

Ár Sain-Údarás

Eagras ilfheidhmeach, forásach é Comhairle Chontae Thiobraid Árann a sholáthraíonn réimse leathan seirbhísí ina cheantar féin. Sa bhliain 2008 amháin, caitheadh breis agus €130 milliún ag an Eagras i seirbhísí a eiseachada agus ag soláthar bhonneagair chun caighdeán beatha cathróirí uile an Chontae a uasghrádú. Mar gurab é príomh aonad rialtais áitiúil sa chontae é, bíonn ról gníomhach aige i bhforbairt eacnamaíoch, gheilleagair, sóisialta agus cultúrtha an chontae agus a mhuintir.

Oibríonn an t-eagras ar dhá leibhéal mar eagras daonlathach agus ionadaíochta agus mar sholáthraí réimse leathan seirbhísí bonneagair, sóisialta agus cultúrtha.

Mar eagras mór, ilfheidhmeach, tá Plean Corparáideach in áit ina bhfuil a fhís, a aidhmeanna agus a straitéisí don dtodhchaí leagtha síos go bhféadfadh gach aoinne iad a fheiceáil. Chuige sin, tá an Plean Corparáideach seo ullmhaithe againn i gcomhairle lenár bhfoireann oibre, lenár n-ionadaithe tofa, lenár gcustaiméirí agús le gníomhaireachtaí eile. Leis an bplean seo a thabhairt isteach tá deis tugtha dúinn machnamh a dhéanamh agus ár n-aigne a dhéanamh suas faoin dtreo a chaithimid a thógáil chun freagairt do raon agus do chastacht na ndúshlán atá os ár gcomhair amach. Tógann an Plean seo ar an dtaithí atá faighte againn faoi na Pleananna Corparáideacha roimhe seo.

Tá an próiseas seo tar éis cabhrú linn straitéisí a chur in áit faoi chúram custaiméara agus seirbhís, acmhainn daonna agus bainistíocht airgeadais, bainistíocht saothair agus eolais agus forbairt chumarsáide teicneolaíochta. Tá aidhmeanna agus straitéisí a chur i dtús áite agus leithdháileadh na n-acmhainní tar éis fócas gléine a sholáthar don eagraíocht dó chéad chuig bhliana eile amach romhainn.

Beidh an Plean seo mar fhráma oibre ar fhorbairt bhreise na h-eagraíochta againn mar Chomhairle fhorásach, dhaonlathach, éifeachtach agus fhreagrach atá in ann friotháil ar ár gcontae agus ar a shaoránaigh ar an gcaighdeán is airde dá bhfuil ann.

Cé gur glacadh le Pleananna cheana le linn ré an Tíogair Cheiltigh, tá an Plean deo curtha le chéile in aghaidh lag trá san Geilleagar Náisiúnta agus éifeachtaí iarmharacha do Earnáil an Rialtais Áitiúil. Cruthaíonn sé sin dúshlán dúinn-ne chun na leibhéil chéanna seirbhísí a chothabháil, nuair is féidir, agus chomh-mheá a choimeád idir éilimh mhéadaithe agus iomaíochta le h-aghaidh seirbhísí reatha, bunúsacha agus leithdháileadh na bhfoinsí le h-aghaidh tograí nua.

Ár Misean

Táimid tiomnaithe, i gcomhpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara uile, caighdeán beatha eacnamaíoch, sóisialta, agus cultúrtha ár bpobail a fheabhsú.

Ár mBun Luacha

Daonlathas

Tá meas againn air agus seasaimis le páirtíocht ár mball tofa agus ár saoránach agus tá meas againn ar an ról ata acu i neartú na h-eagraíochta seo ’gainne.

Cúram Custaiméara/Saoránaigh

Admhaímid an gá atá le seirbhísí d’ard-chaighdeán a sholáthar i modh proifisiúnta, éifeachtach agus cothrom agus a dheimhniú go bhfuil ár bpolasaithe agus ár ngníomhaíochtaí bunaithe ar phrionsabal dea-chúram do chustaiméir i gcónaí.

Cúram Comhshaoil

Táimid tiomnaithe ar dheimhniú go bhfuil ár luacha, ár bpolasaithe agus ár ngníomhaíochtaí ag tógáil isteach prionsabal na forbartha inmharthana, le meas air agus cosaint á tabhairt don gcomhshaol idir thógtha agus nádúrtha, dár gcultúr agus dár n-oidhreacht.

Ár bhfoireann

Aithnímid gurab iad ár bhfoinsí daonna an acmhainn is mó atá againn agus gur aidhm phríomha í a dtraenáil, a bhforbairt, a sláinte agus a leas.

Chomh-Pháirtíocht

Tá meas againn ar an luach atá ag páirtíocht oibre deimhneach ina bhfuil ár bhfoireann ár mbail agus ár gcathróirí agus aithnímid an

tábhacht atá leis i bhforbairt amach anseo d’ár n-eagraíocht agus do bhainistíocht an athruithe.

Ár gContae

Táimid tiomanta do Thiobraid Árann Thuaidh a chur chun cinn mar shárionad le cónaí agus obair ann agus le cuairt a thabhairt air. Leanfaimid ag obair i gcomhar leis na gníomhaireachtaí cuí eile chun an contae a chur chun cinn mar áit thaitneamhach d’infheistíocht lena n-áirítear Infheistíocht Dhíreach Eachtrach, tionscal dúchasach agus fiontar eile. Aithnímid ár ról i soláthar bonneagair chun forbairt a éascú agus táimid tiomanta do chur chuige réamhghníomhach chun infheistíocht chuí a thabhairt chun tosaigh agus timpeallacht a chruthú a chabhróidh le gnó a dhéanamh.

Ár dTimpeallacht Oibrithe

Mar Eagraíocht, táimid faoi thionchar réimse mór de ghnéithe idir eachtrach agus inmheánach a théann i bhfeidhm ar an gcumas ata againn ár spriocanna agus ar n-aidhmeanna a chur i gcrích.

Nuair atáimid ag leagadh amach an bóthar romhainn, ní foláir dúinn na gnéithe sin a aithint agus méid a dtionchair agus iar sin go ndéanfaimis cinneadh tomhaiste faoinár straitéisí.

Gnéithe Inmheánacha

Sé an ghné is mó inmheánach shingil a smachtaíonn an cumas atá againn ár ngnó a dhéanamh ná ár n-acmhainn daonna. Siad na buntáistí is luachmhara atá againn ná díograis leanúnach agus cumas ár bhfoirne agus ár mball tofa. Seoltar ár gclár forbartha agus traenála amach bunaithe ar anailís na riachtanas traenála déanta go náisiúnta agus ag leibhéal áitiúil trí CBFF (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta).

Níorbh fholáir don Eagraíocht leanúint ar aghaidh ag iarraidh a dheimhniú go n-oibríonn baill na foirne i dtimpeallacht atá sábháilte agus sláintiúil agus saor ó leithcheal, ó chiapadh agus ó mhaistíneacht. Tá na nithe seo faoi scrúdú ag ár bhfoireann ionannais.

Tugann an tionscnamh “Rialtas Áitiúil Níos Fearr” agus clár ginearálta ar atheagrú an státseirbhíse mar atá leagtha amach in “Athrú na

Seirbhíse Poiblí – Tuairisc ón dTeasc-Fhórsa ar na Seirbhísí Poiblí” ár ndúshlán chun cúrsaí níos éifeachtaí a fhorbairt trí ár n-eagraíocht chomh maith leis an ngá le seirbhísí poiblí níos aontaithe agus níos comhtháite agus béim níos mó á chur ar aschuir, ar thorthaí agus ar luach as an airgead. Tá an Próiseas Páirtíochta san Ionad Oibre tar éis áis an-éifeachtach a sholáthar dúinn chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár bpróiseas oibre agus chun a fháil amach conas nithe a fheabhsú go mbeadh eiseachada níos fearr agus socruithe oibre n íos sásúla mar thoradh orthuTá ár gCoiste Páirtíochta san Ionad Oibre tar éis roinnt Grúpaí Oibre a bhunú chun gnéithe áirithe sainiúla a scrúdú agus tá a lán dá chuid moltaí curtha i bhfeidhm. Cabhraíonn an Coiste, chomh maith, chun gnéithe a aithint agus chun cumarsáid inmheánach a fheabhsú agus chun ár ndualgais reachtúla a chomhlíonadh i leith sholáthar faisnéise chuig agus comhairliúcháin lena bhfoireann oibre.

Tá cumarsáid inmheánach cabhraithe trí úsáid fhorleathan an inlín. Ina theannta san, eisítear an nuachtlitir mhíosúil chuig 1000 duine, nach mór – ina measc tá daoine ar scor agus Ionadaithe Tofa agus is áis chumarsáide an-luachmhar é.

Caithfear ceann a thógáil de riachtanais leanúnacha ár mBall Tofa, chomh maith. Cabhróidh an feabhas atá tagtha ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide mar aon leis na h-áiseanna ag na h-Oifigí Cathartha leis na Baill chun dul i mbun oibre. Toisc obair leanúnach na gCoiste Ceantair, Coistí Polasaí Straitéiseacha agus an Ghrúpa Pholasaí Corparáideach, éascaítear deiseanna feabhsaithe dos na Baill chun plé á dhéanamh ar ghnéithe feidhme agus ar pholasaí. Tá dréachtú na gclár oibre bliantúil agus na dtuairisc ráithe tar éis cabhrú lenár mbaill eolas tráthúil, cruinn a sholáthar dóibh atá riachtanach

dóibh chun a gcuid dualgais a chomhlíonadh. Éascaíonn forbairt gheasáin na mball, chomh maith, le rochtain leictreonach ar eolas do na baill.

Bhí suímh agus coinníollacha roinnt dár gcuid oifigí mar ábhar mór buartha don bhfoireann do na Baill agus don bpobal, i gcoitinne.

Nuair a osclaíodh ár gCeann-cheathrú ag Bóthar Luimnigh, An t-Aonach, ar an 18ú Deireadh Fómhair 2004 chabhraigh sé lenár bpáirtithe leasmhara uile idirghabháil agus a bhfeidhmeanna uile a chur i gcrích i suíomh nua-aimsire agus ba bhuntáiste é don bhfoireann, do na baill agus don bpobal. Tá sé riachtanach anois díriú ar fhorbairt a dhéanamh ar ár n-oifigí ceantair i dtéarmaí áiseanna agus suíomh.

Tháinig feabhas suaithinseach ar eiseachada seirbhísí de bharr fhorbairt leanúnach ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus dréachtú ár straitéise TFC. Is cabhair mhór í i gcónaí do gach aoinne bunú an ghréasáin agus a fhorbairt, chom maith leis an inlíon. Neartóidh ár ról i seoladh leanúnaigh na dtionscnamh e-Gov an áis seo níos mó fós.

Ceann de na príomh aidhmeanna den gclár nua-aimseartha seolta ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil é ab ea ní níos mó a chaitheamh ach é a chaitheamh go maith.

Trí shaothar na foirne iniúchta inmheánaigh, agus an choiste pháirtíochta agus foirne feidhmeacha, tá dul chun cinn thar na bearta déanta in athstruchtúrú na socraithe eiseachada seirbhísí chun a

dheimhniú go gcloínn siad le prionsabail luach a fháil as airgead caite. Sholáthar bunú an Choiste Iniúchta i 2008 fóram neamhspleách dúinn chun comhairle a thabhairt don gComhairle ar phróisis tuarascála airgeadais, ar smacht inmheánach, ar bhainistíocht riosca agus ar chúrsaí iniúchta, mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht smachta agus gnáthamh rialachais na Comhairle. Tá ról ag an gComhairle i gcur cinn dea-chleachtais cuntasaíochta a dheimhníonn teacht ar chinneadh níos fearr, agus níos fearr ó thaobh eolais de agus díriú níos mó ar luach as an airgead tríd an eagraíocht.

Tugann an leibhéal agus an réimse de ghníomhaíochtaí atá ag méadú, de shíor, ag an Eagraíocht deiseanna dúinn an coincheap a leathnú faoin Rialtas Áitiúil bheith mórthimpeall an Chontae ar fad. Tá forbairt páirtíochtaí le dealramh lenár bpobal áitiúil neartaithe le bunú na gCoiste Polasaí Straitéiseacha, Bord Forbartha an Chontae agus Coiste Chomh-Smachtaithe Thiobraid Árann Thuaidh. Cabhraíonn siad san linn chun polasaithe a chruthú agus a ghlacadh a rachadh chun an tairbhe is fearr d’ár saoránaigh.

Gnéithe Eachtracha

Le linn na dtréimhse clúdaithe ag Pleananna Corparáideacha eile bhí tionchar suaithinseach ag fás thar na bearta an gheilleagair ar an eagraíocht ach, mar ar luadh cheana, tá an Plean seo ullmhaithe ag am le dúshláin níos mó iontu. Cuireann cúrsaí eacnamaíocha faoi láthair isteach ní h-amháin ar na h-acmhainní atá ar fáil dúinn-ne ach d’ár gcustaiméirí, chomh maith. Téann an bac atá i bhfeidhm ar earcaíocht agus ar líonadh na bhfolúntas agus ísliú ar leithdháileadh na ndeontas ar fáil dúinn ar chúiseanna caipitil agus airgid i bhfeidhm ar leibhéil na n-acmhainn ar fáil dúinn. Cuireann na deacrachtaí atá ag

an rannóg geilleagair agus an ísliú ar leibhéil an ioncaim go ginearálta isteach ar leibhéal.

Tá an leibhéal, an deacracht agus éilimh reachtaíochta nua ag teacht ón AE agus ó Rialtas Áitiúil tar éis cur lenár n-ualach oibre, ó taobh ama de, leibhéil na seirbhísí agus cumais agus riachtanais sláinte agus sábháilteachta.

Tá iarmhartaí an-mhór ag an tionchar curtha ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i dtéarmaí pholasaí, gnáthaimh, tograí nua, airgead ar fáil agus údarás tharmligthe.

Tá an béim ar Réigiúin a bhaineann lena lán d'ár ngníomhaíochtaí ag dul i méid le blianta beaga anuas in achar an chomhshaoil, ach go h-áirithe, a léiríonn chomh tábhachtach is atá sé gur polasaí a oiriúnaíonn le polasaí na n-údarás áitiúla mar chomharsana gur chóir a bheith á gcur i bhfeidhm.

Tá aidhmeanna agus éilimh na gcustaiméirí imithe i méid, chomh maith, rud a chuir mór-bhrú ar sheirbhísí a bhí soláthraithe ag an eagraíocht i dtaobh freagra, eiseachada agus caighdeán. Tá an fhorbairt i dtéarmaí líon agus cumas na ngrúpaí le suim acu ann, mar aon le raon na n-ábhar go mbíonn plé acu leo tábhachtach, chomh maith. Tá clúdach na meán tábhachtach leis. De bharr go bhfuil suim níos mó inár ngníomhaíochtaí agus scrúdú á dhéanamh orthu bíonn orainne a dheimhniú go mbíonn ár bpolasaí agus ár bhfeidhmeanna ag na caighdeáin is airde i dtaobh éifeachta, tairbhe, neamh-chlaontachta, leanúnachais agus soiléire. Níorbh fholáir na prionsabail sin a bheith fite fuaite inár ngníomhaíochtaí uile.

Ar deireadh thiar, tá an ráta athruithe tar éis dul i bhfeidhm go mór ar an eagraíocht agus soláthraíonn sé fianaise ghléineach ar an ngá atá le straitéis aontaithe i leith ár bhforbairt san todhchaí.

CPS 1

Seirbhísí Iompair agus Bóithre

Seirbhísí Uisce

Seirbhísí Iompair agus Bóithre

Ár Sprioc

Gréasán bonneagair iompair atá sábháilte agus éifeachtach a sholáthar laistigh den gcontae chun friotháil ar riachtanais geilleagair agus sóisialta lucht a úsáidte laistigh den chontae de réir polasaithe áitiúla agus náisiúnta.

Straitéisí

Mórbhealaí idir Bhailte

Tionscnaimh Bhonneagair atá sa Phlean Forbartha Náisiúnta mar a bhaineann sé leis an gcontae a éascú.

Clár na n-Oibreacha Bóthar

An plean cúig bliana reatha le h-aghaidh athshlánú an dromchla agus ath-thógáil na mBóthar neamh-náisiúnta.

Gluaisteáin agus SÁF

Feabhas a chur ar chur i bhfeidhm na Scéimeanna Cabhracha Pobal agus na Scéimeanna Áitiúla Feabhsúcháin de réir an liosta tosaíochta agus tar éis dul i gcomhairle le h-ionadaithe tofa agus le grúpaí áitiúla.

Dul i gcomhairle leis an Roinn Iompair agus leis ÚNB

Leanúint leis an gcomhoibriú idir An Roinn Iompair agus ÚNB faoi riachtanais agus tosaíochta an Chontae.

Comhairliúcháin Inmheánacha

Leanúint le h-athbhreithniú a dhéanamh agus feabhas a chur ar chomhordú na seirbhísí idir na ranna éagsúla san eagraíocht agus eagraíochtaí eile ag gníomhú sa Chontae.

Caighdeán cothabhála na mbóthar

A dheimhniú go bhfuil go bhfuil na h-oibreacha bóthar go léir á ndéanamh ins an tslí is éifeachtúla gur féidir de réir na ndul chun cinn teicniúla agus feidhmiúla.

Maoirseachta Tráchta

Leanúint le cur i bhfeidhm na bPleananna Maoirseachta Tráchta don Aonach, Dúrlas Eile agus Ros Cré agus Pleananna don bPort Nua Béal an Átha/Cill Dá Lua a chur chun cinn.

Sábháilteacht Bhóthar san chontae

Leanúint le sábháilteacht bhóthar a chur chun cinn agus a fheabhsú ins an gcontae i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht Bhóthar.

Modhanna Iompair Eile

Tograí iompair i leith iompair sa chontae a spreagadh agus cabhrú leo.

Seirbhísí Uisce

Ár n-Aidhm

A dheimhniú go bhfuil uisce inólta ag gach tomhaltóir agus go bhfuil áiseanna draenála sásúla ag gach áitreabh.

Straitéisí

Leanúint ag lorg cead agus cur i bhfeidhm na moltaí i dtaobh sholáthar agus/nó feabhas a chur ar bhonneagar na Seirbhísí Uisce, mar atá aitheanta agus tosaíocht tugtha dó i gClár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce agus i dTuairiscí Measúnú ar Riachtanais.

Clár Uisce Tuaithe bliantúil a fhorbairt agus leanúint le tacaíocht teicniúil do na Scéimeanna Uisce Grúpa.

Bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar bhonneagar uisce agus fuíoll uisce an Chontae de réir Reachtaíocht Shláinte agus Sábháilteachta.

Clár bliantúil d ’inmharthanacht agus d’éifeacht a fhorbairt do Chaomhnú Uisce, do uas-laghdú an fhuílll agus úsáid an fhuinnimh. Struchtúr cothrom íocaíochta a dheimhniú de réir an Phrionsabail ‘Má Thruaillíonn tú Díolann tú’ agus de réir Pholasaí Náisiúnta um Rátaí Uisce.

CPS 2

Seirbhísí Comhshaoil

Seirbhísí Éigeandála
Cosaint Sibhialta

Seirbhísí Comhshaoil

Ár n-Aidhm

A dheimhniú go mbíonn comhshaol glan, sláintiúil agus sábháilte, atá ar aon dul le prionsabail fhorbartha inmharthana agus Clár Áitiúil 21, ag saoránaigh uile Thiobraid Árann Thuaidh.

Straitéisí

An straitéis i dtaobh bhainistíocht fuílll mar atá leagtha amach i bPlean Bainistíochta Fuílll na Lártíre a chur i bhfeidhm agus áiseanna dea-bhainistithe do athchúrsáil fuílll, do athshlánú agus de chur de láimh a sholáthar.

An cleachtas is fearr a chur chun cinn in ísliú an fhuílll agus athchúrsáil i mbainistíocht chaighdeán an uisce agus an aeir agus meabhraíocht ghinearálta faoin chomhshaol trí chlár inmharthana oideachais chomhshaoil agus oibre.

Éifeacht i gcúrsaí fuinnimh a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí uile na comhairle agus i meabhraíocht fuinnimh an Chontae.

An aidhm dul i ngleic leis an athrú aeráide trí dhul ar thóir gheilleagair charbóin íseal ar fud gach rannóg an tsochaí i dTiobraid Árann Thuaidh.

Caighdeán na n-aibhneacha agus na locha i dTiobraid Árann Thuaidh a fheabhsú trí úsáid bhainistíocht abhantraí agus scéimeanna monatóireachta.

Plean Bainistíochta Bruscair an Chontae a ullmhú agus a chur i bhfeidhm le béim faoi leith ar mheabhraíocht an phobail agus ar fhorfheidhmiú.

Críoch a chur le suímh thréigthe agus athnuachan a déanamh ar cheantair as feidhm.

Forálacha iomchuí Acht na Seamlas 1988 agus Acht Údarás um Shábháilteacht Bia na h-Éireann 1998 chun an chosaint is fearr dá bhfuil ann a sholáthar don dtomhaltóir.

Áiseanna adhlactha leordhóthanacha a sholáthar tríd an Contae de réir Pholasaí Reilig na Comhairle agus chun deimhin a dhéanamh go bhfuil na h-áiseanna atá ann á gcothabháil ag na caighdeáin is airde caomhnaithe agus cosanta oidhreachta.

Forbairt inmharthana a chur chun cinn trí chomh-mheá a dhéanamh idir riachtanais eacnamaíocha agus riachtanais sóisialta le h-aidhmeanna cosanta an chomhshaoil agus oidhreachta.

Oibriú i bpáirtíocht le h-údaráis áitiúla eile sa Chontae chun aidhmeanna coitianta comhshaoil a chur chun cinn agus chun cur chuige uileghabhálach a bheith ann i leith eiseachada seirbhíse.

Seirbhísí Éigeandála

Ár n-Aidhm

Forálacha a dhéanamh do sheirbhís fhreagrach éigeandála atá sásúil agus éifeachtach.

Straitéisí

Seirbhísí freagracha dóiteáin agus éigeandála éifeachtach agus sásúil a sholáthar agus meabhraíocht an phobail i dtaobh ghnéithe sábháilteachta a chur chun cinn.

Freagra comhordaithe a phleanáil agus a ullmhú le h-aghaidh éigeandálaí móra.

Dea-chleachtais tógála, sláinte agus sábháilteacht agus leas na n-áititheoirí agus rochtain do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn.

Forálacha a dhéanamh do shábháilteacht tine i bhfoirgnimh atá ann agus meabhraíocht an phobail faoi shábháilteacht tine a chur chun cinn.

Ár ndualgais faoi Acht um Shubstaintí Contúirteacha a chomhlíonadh.

Cosaint Sibhialta

Ár n-Aidhm

Seirbhís chúltaca a sholáthar i gcás Mhór-Éigeandála/Eachtraí, cabhrú le gníomhaireachtaí eile nuair a lorgaítear cabhair, agus lámh chúnta a thabhairt ag Ócáidí Pobail.

Straitéisí

Pleananna Forbartha a athbhreithniú/cur i bhfeidhm.

Ceann cheathrúna, Stórais/ Garáistí agus áiseanna traenála oiriúnacha a sholáthar/chothabháil.

Oibrithe Deonacha oiriúnacha a earcú agus a thraenáil, agus leanúint le forbairt na gclár traenála.

Ár seirbhísí a fhorbairt chun go bhféadfaimis freagra éifeachtach a thabhairt ar achainí le h-aghaidh cabhrach ag mór-éigeandálaí agus ag ócáidí pobail.

CPS 3

Seirbhísí Tithíochta

Seirbhísí Tithíochta

Ár n-aidhm

A dheimhniú go mbíonn tithíocht inacmhainne ag gach aoinne sa Chontae ata in oiriúint dá riachtanais sóisialta agus pearsanta.

Straitéisí

Na roghanna atá á soláthar faoin Pholasaí Náisiúnta Tithíochta a chur chun cinn agus a úsáid.

Ár gClár Infheistíochta um Thithíocht Sóisialta a chur i bhfeidhm.

Forálacha na Straitéise Tithíochta glactha ag an Chomhairle faoi Cuid a 5 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 – 2002 a chur i bhfeidhm. Clár a ullmhú agus a chur i bhfeidhm ar thalamh a cheannach roimh ré de réir Pholasaí Náisiúnta Tithíochta.

A dheimhniú go spreagann agus go dtacaíonn ár bpolasaí tithíochta le h-Inmharthanacht Tuaithe, ag tógáil san áireamh na forálacha i bPlean Forbartha an Chontae glactha ag an Chomhairle.

An Plean cúig bhliana le h-aghaidh Lóistín don Lucht Siúil 2009 -2013 a chur i bhfeidhm.

Forálacha Plean Gníomhaíochtaí agus Straitéis do Dhaoine gan Dídean a chur i bhfeidhm.

An Rannóg Thithíochta Dheonach sa Chontae a chur chun cinn, cabhrú leis agus a fhorbairt.

Tosaíocht a thabhairt do Iniamh Sóisialta trína mholadh go nglacfadh áititheoirí páirt i mbainistíocht na scéimeanna tithíochta sóisialta.

Gníomhú de réir Reachtaíocht Tithíochta na h-Earnála Príobháidí ar Chíos/Rialúcháin i bpáirtíocht le Bord Tionóntachta Áitreabh Príobháideach.

Ár Stoc Tithíochta a uasghrádú faoi réir infhaighteacht cistíochta idir náisiúnta agus áitiúil.

CPS 4

Pleanáil agus Forbairt

Seirbhísí Pobail agus Fostaíochta

Na h-Ealaíona

Leabharlanna

Pleanáil agus Forbairt

Ár n-Aidhm

Pleanáil cheart agus forbairt inmharthana an Chontae a chur chun cinn agus fostaíocht inmharthana a réitíonn leis an gcomhshaol agus le caomhnú ár n-oidhreacht agus faoi réir na bpolasaithe agus na n-aidhmeanna faoi iamh i bPlean Forbartha an Chontae.

Straitéisí

Polasaithe Plean reatha an Chontae a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.

Páirtíocht le dealramh an phobail san bpróiseas pleanáil forbartha a spreagadh agus cabhair a thabhairt dó.

A dheimhniú go spreagann an próiseas pleanála go deimhneach forbairt fhisiceach, sóisialta agus eacnamaíoch ár gcontae agus go ndeimhníonn go réitíonn na forbairtí uile le prionsabail na forbartha inmharthana.

Na dlíthe pleanála a chur i bhfeidhm i leith fhorbartha neamh-údaraithe.

Iarratais phleanála a phróiseáil laistigh den bhfráma ama reachtúil agus a dheimhniú go mbeadh teacht ag páirtithe leasmhara ar aon

eolas atá ar fáil a chabhródh leo measúnú a dhéanamh ar an bhforbairt mholta.

A dheimhniú go gcosnaíonn agus go gcaomhnaíonn an próiseas pleanála ár dtimpeallacht tógtha agus a spreagann dea-chleachtas i leith deartha agus tógála.

Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a úsáid chun cabhrú le nua-chóiriú na seirbhíse pleanála agus bainistíocht an eolais.

Cur chun cinn a dhéanamh ar thuiscint, ar thaitneamh agus ar chosaint oidhreacht tógtha, nádúrtha agus chultúrtha.

Comhoibriú le h-údaráis áitiúla eile chun aidhmeanna straitéise pleanála coitianta a chur ar aghaidh agus cur chuige iomlánaíoch do eiseachada seirbhísí a dheimhniú.

Pobal agus Fiontar

Ár n-Aidhm

Comhpháirtíocht idir Rialtas Áitiúil, Forbairt Áitiúil, Gníomhaireachtaí Reachtúla agus na Páirtithe Sóisialta a chur chun cinn i gcur i bhfeidhm Straitéis Bhord Forbartha an Chontae 2002-2012.

Straitéisí

Próiseas chur i bhfeidhm Straitéis Bhord Forbartha an Chontae a chomhordú.

Comhoibriú agus comhordú i measc gníomhaireachtaí seirbhísí poiblí sa chontae a chur chun cinn.

Iniamh Sóisialta agus Comhtháthú a chur chun cinn i dTiobraid Árann Thuaidh atá ar aon dul leis an Straitéis Frith-bhochtaineachta Náisiúnta. Forbairt eacnamaíochta i dTiobraid Árann Thuaidh a chur chun cinn i gcomhar leis na Rannóga Forbartha Áitiúla agus Reachtúla.

Ár n-Aidhm

Eiseachada seirbhísí eacnamaíochta, sóisialta cultúrtha agus feidhmeanna ar son Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh, a éascú mar a táid de dhíth.

Straitéisí

Forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Ghnímh Straitéise Mhíchumas a chomhordú

Bainistíocht fhorbairt na ngníomhaíochtaí bainteach le turasóireacht.

Tacú le Coiste Cúram Leanaí Thiobraid Árann Thuaidh i gcur chun cinn cúram leanaí i dTiobraid Árann Thuaidh agus ceann á thógáil den Straitéis Chúram Leanaí Náisiúnta agus de Straitéis Chúram Leanaí Thiobraid Árann Thuaidh.

Forbairt chultúrtha i dTiobraid Árann Thuaidh a chur chun cinn i gcomhar leis Ranna na Deonacha agus Reachtúla.

Cabhrú le grúpaí pobail agus deonacha trí scéimeanna a sholáthar atá maoinithe go náisiúnta agus go h-áitiúil.

Freagairt dóibh agus tionscnaimh nua eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha a fhorbairt, mar is iomchuí.

Cúram Leanaí

Coiste Cúram Leanaí Thiobraid Árann Thuaidh

Ár n-Aidhm

Cabhair a thabhairt chun a dheimhniú go bhfuil go leor áit ceart do chúram leanaí ar fáil i dTiobraid Árann Thuaidh.

Straitéisí

Tacú le soláthraithe chun an leibhéal reatha de sholáthar chúram leanaí a chothabháil agus a choimeád.

Cabhrú le Oifig an Aire do Leanaí agus Ghnéithe na hÓige chun an Scéim Chúram Luath-Óige agus Oideachais a chur chun cinn i dTiobraid Árann Thuaidh.

Tacú le cur i bhfeidhm scéim fhóirdheontais chúram leanaí de chuid an phobail.

Na tionscnaimh faoi aire do leanaí agus faoi na nGrúpaí Tuismitheoirí agus Tachráin i dTiobraid Árann Thuaidh a chur i bhfeidhm.

Ár n-Aidhm

Cur chun cinn fhorbairt na n-ard-chaighdeán agus na spriocanna do chúram leanaí i dTiobraid Árann Thuaidh trí thacú le traenáil agus le h-eolas a sholáthar do sholáthraithe chúram do leanaí ar bhonn leanúnaigh.

Straitéisí

Leanúint le tacaíocht airgid do na h-oibrithe cúram leanaí atá páirteach i dtraenáil chreidiúnaithe.

Traenáil Neamh-chreidiúnaithe a sholáthar.

Leanúint le h-eolas cuí bainteach leis an rannóg chúram leanaí a scaipeadh.

Ár n-Aidhm

Leanúint le cur chun cinn Iniamh Sóisialta trí thacaíocht agus eolas a sholáthar do Ghrúpaí Pobail agus Deonacha ar sholáthar chúram leanaí neamh-chlaonta.

Straitéisí

Tacaíocht agus traenáil a sholáthar do sholáthraithe cúram leanaí.

Tacaíochtaí a sholáthar do choistí deonacha bainistíochta seirbhísí pobail.

Seirbhísí pobail a sholáthar i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

Seirbhísí Ealaíona

Ár n-Aidhm

Saol Ealaíne ár saoránach a fheabhsú trí sheirbhís ealaíne d'ard-chaighdeán freagrach a sholáthar a oibreoidh i gcomhar le daoine eile chun soláthar dos na h-ealaíona i dTiobraid Arann Thuaidh i gcomhréir le h-infhaighteacht acmhainní agus le h-aidhmeanna an Údaráis Áitiúil i gcoitinne.

Straitéisí

Cruthaitheacht ealaíne a aithint, a spreagadh agus a chur chun cinn ag gach leibhéal i dTiobraid Árann Thuaidh.

Tacú le caighdeáin ardaithe, phroifisiúnta léiriúcháin do na h-ealaíona sa chontae.

Daoine a spreagadh chun páirt níos mó a ghlacadh ins na h-ealaíona.

Lucht leanta na n-ealaíona a fhorbairt agus in-rochtain mhéadaithe do ghníomhaíocht ealaíona a ag an bpobal i gcoitinne a spreagadh.

Páirtíochtaí reatha a neartú agus páirtíochtaí nua a fhorbairt i soláthar saothar ealaíne sa chontae.

Rochtain chuig eolas ar na h-ealaíona sa chontae a fhorbairt níos mó fós.

Seirbhísí Leabharlanna

Ár n-Aidhm

Chun a dheimhniú go bhfuil deis chothrom rochtana ag gach aoinne chuig Leabharlann agus Seirbhís Faisnéise d'ard-chaighdeán a fhreagraíonn do riachtanais athruithe ár muintire agus a thugann lán tacaíocht do phróiseas foghlama faid-saoil.

Straitéisí

Leanúint le cur chun cinn Clár Caipiteal na Leabharlanna agus Clár Tosaíochta na Leabharlanna.

Leanúint le h-úsáid na seirbhísí leabharlanna a chothú agus a spreagadh i gContae Thiobraid Árann.

Cúramaí na heagraíochtaí a bhainistiú faoi réir an Achta um Mhíchumas 2005.

Leanúint ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt chun polasaí a fhorbairt i dtaobh iniamh shóisialta do gach aoinne ins na leabharlanna uile.

Plean Forbartha Leabharlanna cúig bhliana a chur le chéile.

Cáilíocht agus caighdeán stoc na leabhar agus an ábhair nach leabhar é a ardú go leanúnach.

Leanúint le rochtain don Idirlíon agus do Theicneolaíochtaí Faisnéise a fheabhsú agus seirbhísí gréasáin a fheabhsú, chomh maith, do lucht úsáidte Seirbhísí Leabharlainne sa bhaile/i bhfad i gcéin.

Slite a aimsiú chun na h-uaireanta is fearr oscailte a fhorbairt chun seirbhísí feabhsaithe leabharlainne a sholáthar.

Páirt a ghlacadh ins na tograí Seirbhísí Roinnte, nuair is iomchuí, chun na h-acmhainní a uasmhéadú agus go mbeidís níos éifeachtaí agus seirbhísí níos fearr ann.

Bainistíocht a dhéanamh ar an bpróiseas CBFF.

Polasaithe an chleachtais is fearr Rialachais Corparáide agus Bhainistíocht Riosca a chur i bhfeidhm.

Tacú le forbairt leanúnach Pháirtíocht san Ionad Oibre.

Bainistíocht a dhéanamh ar fhreagrachtaí an eagrais faoi reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteacht.

Próiseas na gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) a bhainistiú.

Freagrachtaí na heagraíochta a shlánú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus cuidiú le cur chun cinn agus forbairt úsáid na Gaeilge.

Seirbhísí Corparáideacha

Daonlathas Áitiúil

Acmhainní Daonna

Tacaíocht Chorparáideach

Páirtíocht san Ionad Oibre

Bainistíocht Airgeadais

Cáin Ghluaisteán

Córais Faisnéise

Daonlathas Áitiúil

Ár n-Aidhm

Tacú leis ag éascú a dhéanamh ar na struchtúir dhaonlathacha agus na coistí san áireamh.

Straitéisí

A dheimhniú go bhfuil ár n-Ionadaithe Tofa ag fáil an eolais, traenáil, comhairle agus áiseanna atá uatha chun a ról a chomhlíonadh.

Cruinnithe na Comhairle agus Coistí na Comhairle a éascú.

Cur chun cinn gníomhach agus cabhair a thabhairt do phobal agus earnáil páirt a ghlacadh i bhforbairt an Chontae trí obair na gCoistí Polasaí Straitéiseach, an Bhoird Fhorbartha Chontae agus an Choiste.

An próiseas daonlathaigh a éascú trí:

- ullmhú agus foilsiú Clár na dToghthóirí
- ionaid vótála a rangú agus scéim vótála a ullmhú agus glacadh leis
- Na toghcháin áitiúla a rith.

Tacaíocht a thabhairt d’ár mbaill tofa atá ainmnithe le dul ar choistí eachtracha ina ról chun idirghabháil agus ceangail a éascú le gníomhaireachtaí eile idir áitiúil agus réigiúnach.

Bainistíocht Acmhainní Daonna

Ár n-Aidhm

Aithnímid gurab í ár bhfoireann ceann d'ár bpríomh acmhainní agus tá a bainistíocht cheart an-tábhachtach ar fad don eagraíocht seo agus do chur i bhfeidhm éifeachtach an phlean seo. Táimid tiomnaithe d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm plean bainistíochta acmhainn daonna a chabhróidh le gach ball den bhfoireann a chur chuige is fearr a bhaint amach agus eagraíocht a thógáil a sholáthróidh seirbhís den scoth don gcontae seo.

Straitéisí

Athbhreithniú a dhéanamh, mar is gá, ar struchtúr na foirne chun measúnú a dhéanamh ar chumas agus ar líon an phearsanra a bheadh ag teastáil chun aidhmeanna agus spriocanna atá sa phlean seo a chur i bhfeidhm, ag braith ar fháil ar acmhainní agus ar chead na Roinne.

Monatóireacht a dhéanamh ar ár bpolasaí earcaíochta ar bhonn leanúnaigh chun a éifeacht leanúnach a dheimhniú.

Clár traenála bliantúil a dhréachta agus a chur i bhfeidhm do bhaill uile na foirne agus do ionadaithe tofa a dhéanfaidh seachada ar na riachtanais traenála a aithníodh trí phróiseas CBFF agus riachtanais traenála a athbhreithniú ar bhonn leanúnaigh ag braith ar na h-acmhainní atá ar fail.

An polasaí aistrithe foirne a chur i bhfeidhm chun deiseanna a sholáthar don bhfoireann breis taithí a fháil agus riachtanais scileanna/cumais na h-eagraíochta a shásamh.

Sláinte, sábháilteacht agus leas na foirne a dheimhniú trí chur i bhfeidhm gníomhach an reachtaíocht um shláinte agus sábháilteacht agus le clár leasa foirne a chur chun cinn.

A dheimhniú go n-oibríonn gach ball na foirne i dtimpeallacht atá saor ó leithcheal, maistíneacht, ciapadh ghnéasaigh, agus éagothroime deiseanna agus dá bharr san a bheith saor chun forbartha le iomlán a gcumais.

Cumarsáid a fheabhsú an fhoireann a spreagadh chun páirt iomlán a ghlacadh in obair leanúnach na bhfoireann feidhmeach agus tras-fheidhmeach.

Forbairt na foirne a chur chun cinn níos mó fós trí ghlacadh le freagracht trí dháileadh iomchuí na bhfeidhmeanna.

Comhairle agus eolas a sholáthar don bhfoireann i leith shocruithe aoisliúntais agus chun cabhrú leis an fhoireann ullmhú don scor.

AD/Aoisliúntas agus próisis Párolla a nuachóiriú trí chur i bhfeidhm an chórais nua bainistíochta AD.

Tacaíocht Corparáideach

Ár n-Aidhm

Seirbhísí tacaíochta de chaighdeán éifeachtach a sholáthar d'ár gcustaiméirí, idir eachtrach agus inmheánach thar réimse leathan gníomhaíochtaí.

Ár Straitéisí

Seirbhís éifeachtach, béasach agus eolasach a sholáthar d'ár gcustaiméirí a ghlaonn ar ár seirbhísí trí an phríomh lasc-chláir na Comhairle nó trí an ionad Fáilte ar an líne-tosaigh.

Cumarsáid a éascú idir bhaill an phobail agus an fhoireann trí athbhreithniú leanúnach ar ár gcóras teileafón agus seirbhísí le línte talún agus fóin so-ghluaiste.

Bainistíocht a dhéanamh ar dháileadh nó ar chur tríd an bpost mar is cui litreacha agus comhfhreagras idir inmheánach agus eachtrach agus r.post a chuirtear chuig **secretary@northtippcoco.ie** ag deimhniú go bhfuil sé faoi rún agus ag cloí le riachtanais Chosaint Sonraí.

A dheimhniú go bhfuil Clár na dToghthóirí cothabhála i gceart agus suas chun dáta.

Scéim Dheontas Ard Oideachais de chuid an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a riaradh chun riachtanais na mac léinn a shásamh.

Clár bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm dírithe ar ísliú ar an acmhainn nochta do bhaol agus ag cur teorainn leis na h-impleachtaí a bhaineann leis sin don eagraíocht.

A dheimhniú go bhfuil clúdach árachais dóthanach ann don bhfoireann, do mhaoin, don fhlít, do áiteanna poiblí agus do gach áit iomchuí eile.

Comhordú a dhéanamh ar ullmhúchán agus ina dhiaidh sin ar chur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh agus an Phlean Gníomh Custaiméirí agus comhordú ar an sain-scagadh, ar an dtuairisc agus ar anailís na mbun-léiritheoirí seirbhíse.

Eolas a sholáthar don bpobal ar ár seirbhísí trí chomhordú an ullmhúcháin agus foilsiú An Tuairisc Bhliantúil.

Comhordú a dhéanamh ar cheannach lárnach stáiseanóireacht agus eolas a sholáthar agus tacaíocht a thabhairt i leith cheannach earraí agus seirbhísí i modh a éascóidh dea-oibriú feidhmeanna na comhairle faid is a dheimhníonn sé go gcloífear le gnáthaimh iomchuí agus an Luach is Fearr a fháil don airgead.

A dheimhniú go bhfuil fáil níos fearr agus caighdeán níos airde seirbhísí trí mheán na Gaeilge trí ullmhúchán agus cur i bhfeidhm Scéim Theanga na Gaeilge de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Bainistiú agus cothabháil a dhéanamh ar áiseanna na n-Oifigí Cathrach chun riachtanais an phobail agus na foirne a shásamh níos fearr.

Páirtíocht san Ionad Oibre

Ár n-Aidhm

Neartú agus uasmhéadú a dhéanamh ar chultúr na páirtíochta trasna ar Údaráis Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh.

Straitéisí

Leanúint le forbairt agus cur i bhfeidhm plean páirtíochta san ionad oibre ina bhfuil polasaithe, straitéisí agus cláir oibre dírithe ar athrú a chur i bhfeidhm laistigh den eagraíocht trí an próiseas páirtíochta agus eiseachada a dhéanamh ar aidhmeanna a réitíonn le Straitéisí Páirtíochta Náisiúnta.

A dheimhniú go bhfuil socraithe éifeachtacha eolais agus comhairliúcháin ar siúl go leanúnach idir an fhoireann, an bhainistíocht, agus na ceard cumainn i dtaobh chur i bhfeidhm an athraithe, ach go h-áirithe.

A dheimhniú go mbíonn cumarsáid éifeachtach ar siúl i gcónaí idir an Coiste Páirtíochta agus na páirtithe leasmhara go léir chun meabhraíocht na páirtíochta a uasmhéadú.

Bainistíocht Airgeadais

Ár n-Aidhm

A dheimhniú go bhfuil gníomhaireachtaí uile na Comhairle bunaithe ar dhea-chleachtais bhainistíochta agus go gcloínn siad le reachtaíocht iomchuí agus leis na caighdeáin agus an cleachtas is fearr cuntasaíochta i dtreo is go bhfuil na h-acmhainní uile atá ar fáil uasmhéadaithe agus leithdháilte i slí gur féidir leis na straitéisí uile atá sa phlean seo a bheith curtha i bhfeidhm ina iomlán.

Straitéisí *

Eolas cruinn, tráthúil faoi airgead agus comhairle do gach úsáideoir a sholáthar chun cabhrú le teacht ar dhea-chinneadh.

Leanúint le tacaíocht a thabhairt ar forbairt chóras smachta dóthanaigh inmheánaigh i ngach Roinn.

Monatóireacht a dhéanamh agus smacht a chur ar ioncam agus ar chaiteachas iomlán.

Dea-chleachtas airgeadais a fhorbairt agus a chur chun cinn agus uasghrádaithe éifeachtacha dos na córais bhainistíochta airgeadais mar (Agresso/Pá Rolla/Acmhainní Daonna/Taisteal agus Cothú).

Na moltaí ón staidéir ar Luach as an Airgead a chur i bhfeidhm nuair is iomchuí do Chomhairle chontae Thiobraid Árann ina bhfuil, chomh

maith, cur chun cinn éifeacht agus inniúlacht tríd an eagraíocht ar fad chun na h-acmhainní a uasmhéadú.

Úsáid Chaipitil Oibre a uasmhéadú.

* Cuirfimid na straitéisí uile ata sa phlean seo i bhfeidhm an fhaid is atáimid ag iarraidh dul i ngleic leis na dúshláin curtha os ár gcomhair ag éiginnteacht éabhlóideach chúrsaí eacnamaíochta.

Cáin Ghluaisteán

Ár n-Aidhm

Seirbhís chustaiméirí in-rochtain, iniamh, atá éifeacht ó thaobh chostais, d'ard-chaighdeán, a sholáthar.

Straitéisí

Seirbhís d'ard-chaighdeán a sholáthar i modh cothrom, éifeachtach agus béasach.

Teicneolaíochtaí atá ar fáil agus cinn nua atá ag teacht ar an margadh d'úsáid chun a dheimhniú go mbeidh an rochtain, an rogha agus an caighdeán is fearr eiseachada ar fáil ag an gcostas is éifeachtaí.

Córais Faisnéise

Ár n-Aidhm

Cur i bhfeidhm na n-aidhmeanna agus na gcuspóirí atá san bplean Corparáideach a éascú trí sheirbhís chéimneach, éifeachtach teicneolaíocht faisnéise (TFC) a sholáthar.

Straitéisí

Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide nua-aimsire a thógáil isteach, a uas-mhéadú agus a thacú i bhfeidhmeanna gnó na h-eagraíochta, chun cabhrú leo a gcuspóirí a chur i gcríoch.

Ardán bonneagair slán agus ri-ghníomhach TFC a sholáthar don eagraíocht.

Comhroinnt faisnéise laistigh den eagraíocht agus lenár bpáirtithe leasmhara a éascú.

Seirbhís tacaíochta theicniúil a sholáthar d’ár bhFoireann agus d’ár mBaill Tofa.

Na Gníomhaíochtaí Príomha

Tá gníomhaíochtaí príomha na Comhairle ar fáil laistigh de ocht gcinn de Ranna Seirbhíse agus leis na sonraí mar a leanas:

Tithíocht agus Tógáil

Cothabháil/Feabhsúchán d'Aonaid Tithíochta an Údaráis Áitiúil a sholáthar
Measúnú, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta
Riaradh Chíos Tithíochta agus Ceannach ag Tionóntaí
Tacú le Forbairt Tithíochta Pobail
Seirbhís Riaradh na nDaoine gan Dídean
Clár TaC (Tithíocht ar Chíos)
Iasachtaí don dTithíocht
Deontais don dTithíocht

Iompar agus Sábháilteacht ar na Bóithre

Bóthar Príomha Náisiúnta — Cothabháil agus Leasú
Bóthar Tánaisteach Náisiúnta — Cothabháil agus Leasú
Bóthar Réigiúnach — Cothabháil agus Leasú
Bóthar Áitiúil — Cothabháil agus Leasú
Soilse Poiblí
Bainistíocht agus Leasú Tráchta
Leasú Innealtóireachta um Shábháilteacht Bhóthar
Cur chun Cinn/ Oideachas um Shábháilteacht Bhóthar
Páirceáil Ghluaisteán

Seirbhísí Uisce

Soláthar Uisce

Cóireáil Fuílll Uisce

Bailiúchán Táillí Uisce agus Fuílll Uisce

Leithris

Riaradh Fearas idir Ghrúpa agus Phríobháideach

Bainistíocht Fhorbartha

Pleanáil chun Cinn

Bainistíocht Fhorbartha

Cur i bhfeidhm

Áiseanna Tionsclaíochta agus Tráchtála

Forbairt agus Cur chun Cinn na Turasóireachta

Feidhm Phobail agus Fhiontair

Eastáit Tithíochta gan Críoch

Smacht ar Thógáil

Cur chun Cinn agus Forbairt an Gheilleagair

Bainistíocht Sealúchais

Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhnaithe

Seirbhísí Gníomhaire agus Athghabhála

Seirbhísí Comhshaoil

In-líonadh Talún agus Iar-Chúram

Feidhmeanna Áiseanna Athghabhála agus Athchúrsála

Bainistíocht Bhruscair

Glanadh Sráideanna

Rialacha um Fhuíoll, Monatóireacht agus Cur i bhfeidhm

Pleanáil um Bhainistíocht Fuílll

Cothabháil na Reiligí

Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna

Feidhmiú na Seirbhísí Dóiteáin

Tine a Chosc

Caighdeán an Uisce, Truailliú Aeir agus Ghlóir

Siamsaíocht agus Conláiste

Oibríochtaí Áiseanna Siamsaíochta

Oibríocht Leabharlanna agus Seirbhís Chartlainne

Oibríochtaí Ceantar Siamsaíochta Amuigh

Spórt don bPobal agus Forbairt Siamsaíochta

Feidhmiú Chlár na n-Ealíon

Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas

Draenáil na Talún

Seirbhís na dTréadlia

Seirbhísí um Thacaíocht Oideachais

Seirbhísí Ilghnéitheacha

Cuntas Innealra

Cuntas na Stór

Riaradh na Rátaí

Saincheadúnas

Costais Chróinéara

Oibriú na Margaí agus Corr Thrádáil

Ionadaíocht Áitiúil/Ceannaireacht Chathartha

Cáin Ghluaisteán